EUROPEAN UNION AGENCY FOR RAILWAYS

Moving Europe towards a sustainable and safe railway system without frontiers.

# Glao ar Iarratais ar phoist mar Riarthóirí (Oifigigh Thionscadail) sa Roinn Iarnróid Sábháilte

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2026/001-OPE*

*I – SAINCHUNTAS AR AN bPOST*

Tá an Ghníomhaireacht ag lorg Riarthóirí (Oifigigh Tionscadail) don **Roinn Iarnróid Sábháilte**, chun tacú lena fís go mbeidh an tIarnród ina mhodh iompair atá ag éirí níos sábháilte agus níos sláine dá chuid úsáideoirí agus oibrithe, agus é athléimneach agus sofhreagrúil maidir le freagairt a thabhairt do chásanna éigeandála.
Is éard atá i bpríomhinniúlacht na Gníomhaireachta ná Deimhnithe Sábháilteachta Aonair a eisiúint, chun fianaise a thabhairt go bhfuil córas bainistíochta sábháilteachta bunaithe ag Gnóthais Iarnróid agus go bhfuil siad in ann a gcuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh.

Tá sé mar aidhm ag cláir chomhtháite na Gníomhaireachta i réimse na Sábháilteachta, go háirithe, na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- Go dtuigeann gach oibreoir (i.e. bainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid, eintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram) a bhfreagracht agus glacann siad léi agus cuireann siad Córas Bainistíochta Sábháilteachta chun feidhme go gníomhach chun rioscaí na ngníomhaíochtaí oibríochtúla a rialú;
- Go gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht na leibhéal éagsúil rialaithe a bhaineann le sábháilteacht agus ar mhuinín sna leibhéil éagsúla sin (e.g. údaráis náisiúnta sábháilteachta, comhlachtaí measúnaithe agus deimhniúcháin, comhlachtaí fiosrúcháin náisiúnta) sa chóras iarnróid;
- Go ndéantar sonraí a bhaineann le bainistíocht sábháilteachta agus le feidhmíocht sábháilteachta ar bhealach oscailte agus trédhearcach, agus go n-úsáidtear iad chun bainistíocht sábháilteachta a fheabhsú go leanúnach ag gach leibhéal i gcóras iarnróid na hEorpa.

**Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí an tsealbhóra poist:**

- Rannchuidiú le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta Aonair (SSC), mar bhall d'fhoireann measúnachta, agus comhairle theicniúil agus ghairmiúil a chur ar fáil mar aon le tuairim a thabhairt ar thionscadail iarratais SSC;
- Rannchuidiú le forbairt agus cothabháil chroíphrionsabail an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) agus an chreata mhodheolaíoch chun sábháilteacht iarnróid a bhainistiú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, cothabháil mar a rialaítear i Modhanna Sábháilteachta Comhchoiteanna (CSM) agus le tacaíocht ón nGníomhaireacht le treoir agus comhroinnt eispéireas;
- Rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar leibhéil rialaithe i sábháilteacht iarnróid na hEorpa (e.g. údaráis náisiúnta sábháilteachta, comhlachtaí measúnaithe agus deimhniúcháin), mar bhall d'fhoireann measúnaithe, agus comhairle theicniúil agus ghairmiúil a chur ar fáil mar aon le tuairim a thabhairt maidir lena mbunú agus lena bhfeidhmíocht;

- Rannchuidiú le tacú le páirtithe leasmhara maidir le sonraí a bhaineann le sábháilteacht a thuairisciú agus na sonraí sin a úsáid chun léargais shábháilteachta atá bunaithe ar fhianaise agus cinnteoireacht eolasach a dhéanamh.

Oibreoidh na sealbhóirí poist sa Roinn Iarnróid Sábháilte, agus iad faoi fhreagracht Cheann na nAonad agus na gCeannairí Foirne lena mbaineann. Bainistíonn an Ghníomhaireacht eagraíocht mhaitríse. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sealbhóirí poist rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile, ag brath ar na riachtanais atá ann.

## *II – CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA*

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann gach ceann de na critéir incháilitheachta seo a leanas tráth an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach:

### 1. *Riachtanais ghinearálta:*

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach[1] nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua);
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici[2];
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist[3];
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[4];
- Eolas an-mhaith ar theanga oifigiúil[5] de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile[6] de chuid an Aontais Eorpaigh a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- A bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina slánóidh an ball foirne 66 bliana d'aois[7].

### 2. *Cáilíochtaí íosta:*

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile **4 bliana nó níos mó** agus taithí ghairmiúil ábhartha **3 bliana** ar a laghad ina dhiaidh sin i réimse atá ábhartha don réimse/do na réimsí roghnaithe;
  **NÓ**
- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile **3 bliana**, agus taithí ghairmiúil

---

*1 Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia,an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.*

*2 Más infheidhme*

*3 Sula gceapfar é/í, ceanglófar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici*

*4 Sula gceapfar iad, cuirfear an t-iarrthóir a n-éireoidh leo faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht lena dheimhniú go gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 13 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.*

*5 Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do leibhéal C1 mar a shainítear é sa Chreat Chomhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR) http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*

*6 Eolas ar an dara teanga oifigiúil de chuid an Aontais a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear é sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE)*

*7 Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne na nOifigeach, rud is infheidhme maidir le Gníomhairí Sealadacha de réir analaí, Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach*

ábhartha **4 bliana** ar a laghad ina dhiaidh sin i réimse atá ábhartha don réimse/do na réimsí roghnaithe.

**NÓ**

› Oiliúint ghairmiúil ar leibhéal comhionann a bheith aige/aici, nuair is gá ar mhaithe le leas na seirbhíse.

**Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí eisithe ag údaráis de chuid Bhallstáit an Aontais nó údaráis LEE (Limistéar Eacnamaíoch Eorpach) agus cáilíochtaí a aithnítear mar chinn choibhéiseacha ag údaráis ábhartha de chuid an Aontais nó de chuid Bhallstáit LEE.**

## *III – CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN*

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil de réir **critéir roghnúcháin**. I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonfaidh ceann amháin nó níos mó de na critéir roghnúcháin, ní dhéanfar iad a eisiamh láithreach as an roghnú.

Na **critéir roghnúcháin** a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar iarratais na n-iarrthóirí

- Eolas maith ar Bhéarla[8] (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí réimse: Labhairt, Scríobh agus Tuiscint);
- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad **ar cheann amháin nó níos mó** de na réimsí seo a leanas:
  - Iniúchadh ar Chórais Bainistíochta Sábháilteachta;
  - Córais Bainistíochta Sábháilteachta (bunaithe ar riosca) a dhearadh nó a chur chun feidhme.
- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad **ar cheann amháin nó níos mó** de na réimsí a leanas:
- Anailís ar shonraí oibríochtúla atá ar fáil ó chórais faisnéise éagsúla chun críocha bainistíochta sábháilteachta;
- Oibriú traenach nó bainistiú tráchta: e.g. pleanáil, uainchlárú foirne agus rothstoic, fíor-am/seoladh, comhdhéanamh traenach, cigireacht réamhimeachta, siúntadh, cásanna díghrádaithe agus éigeandála;
- Cothabháil feithiclí iarnróid nó suiteálacha seasta: sainmhíniú ar riachtanais chothabhála, forbairt pleananna cothabhála, agus stiúradh agus monatóireacht ar a gcur i bhfeidhm;
- Dea-eolas (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí réimse: Labhairt, Scríobh agus Tuiscint) i leith **ceann amháin nó níos mó** de na teangacha oifigiúla seo a leanas de chuid an Aontais[9] measfar an tSeicis, an Ghearmáinis, an Ungáiris, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Liotuáinis, an Laitvis, an Eastóinis agus an Chróitis a bheith buntáisteach;
- Taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad ar mhodhanna agus uirlisí bainistíochta tionscadal a úsáid.

**Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh i bhfoirm iarratais ERA ar na cáilíochtaí oideachais/acadúla agus ar an taithí ghairmiúil atá acu.**

---

*[8] Toisc gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta, tá leibhéal B2 ar a laghad (sna trí réimse: Labhairt, Scríobh agus Tuiscint) i mBéarla ag teastáil*

*[9] Ar bhonn an ualaigh ghníomhaíochtaí den Roinn Iarnróid Sábháilte, teastaíonn ón nGníomhaireacht baill foirne bhreise a bhfuil dea-eolas acu ar theangacha breise AE, leibhéal B2 ar a laghad sna trí réimse: Labhairt, Scríobh agus Tuiscint.*

Is iad na hiarrthóirí a bhainfidh amach 60 % ar a laghad de na pointí iomlána a bhronntar i leith na gcritéar roghnúcháin, agus ina leith sin amháin, a chuirfear san áireamh agus a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh agus ar thriail scríofa.

## *IV – AGALLAMH AGUS TRIAIL SCRÍOFA*

I gcás iarrthóirí a roghnófar i gcomhair chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil de réir na gcritéar seo a leanas:

***Don agallamh: critéir ábhartha:***

**Scileanna boga (ní dhéantar measúnú orthu ach le linn an agallaimh bhéil):**

- Spreagadh;
- A bheith ag obair le daoine eile;
- Scileanna cumarsáide;
- Réiteach fadhbanna agus díriú ar thorthaí.

**Scileanna crua:**

- An cumas cumarsáid a dhéanamh i mBéarla (mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2);
- Eolas agus tuiscint ar reachtaíocht an Aontais de réir mar is ábhartha do na critéir roghnúcháin thuasluaite.

**Don triail scríofa: critéir ábhartha:**

- Sárinniúlachtaí anailíseacha;
- Eolas agus inniúlachtaí a bhaineann leis an bpost áirithe;
- An cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i mBéarla scríofa (mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2).

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil le linn an agallaimh ar do chumas cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga oifigiúil de chuid an Aontais a labhraíonn tú. Toisc gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, cuirfear as an áireamh ón bpróiseas roghnúchán thú mura n-éireoidh leat a chruthú go bhfuil leibhéal sásúil agat sa dara teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Maidir le teangacha breise oifigiúla an Aontais Eorpaigh: **iarrfar ar iarrthóirí doiciméid tacaíochta/fianaise a sholáthar a léiríonn go bhfuil an leibhéal riachtanach acu.** Féadfaidh sainchainteoirí nach gá gur comhalta den choiste roghnúcháin iad tástáil cháilíochtúil a dhéanamh ar na teangacha sin le linn an agallaimh.

Is mar seo a leanas a chinntear na scóir i leith na n-agallamh agus na trialach scríofa:

| | | |
|---|---|---|
| › An scór iomlán don agallamh: | **80 pointe** | An scór íosta chun pas a ghnóthú: **48 pointe (60% de 80 pointe);** |
| › An scór iomlán don triail scríofa: | **20 pointe** | An scór íosta chun pas a ghnóthú: **12 phointe (60 % de 20 pointe).** |

**Ní dhéanfar measúnú ar thriail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach bhfaighfear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.**

<table>
<tr><td colspan="2">V – ACHOIMRE</td></tr>
<tr><td colspan="2">An Ghníomhaireacht:<br>Cliceáil anseo i gcomhair cur síos ar an nGníomhaireacht agus ar a gníomhaíochtaí, i dteangacha éagsúla an Aontais</td></tr>
<tr><td>Dáta foilsithe: 23/09/2026</td><td>Spriocdháta le haghaidh iarratas: 22/10/2026 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes)</td></tr>
<tr><td>Cineál conartha: Gníomhaire Sealadach 2(f)<br>Feidhmghrúpa agus grád: AD6</td><td>Ionad fostaithe: Valenciennes, An Fhrainc<br><br>Tá samhail oibre hibrideach i bhfeidhm ag ERA ina gcuimsítear láithreacht ar an láthair le deiseanna cianoibre. Tá an chianobair faoi réir teorainneacha sonracha atá leagtha amach i rialacha inmheánacha agus ní mór í a bheith ag teacht le riachtanais ghnó agus le faomhadh na bainistíochta. Tabhair do d'aire nach gceadaítear cianobair lánaimseartha.</td></tr>
<tr><td>Fad an chonartha: 4 bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 2 bhliain. Má dhéantar é a athnuachan an dara huair, is conradh éiginnte a bheidh i gceist</td><td>Buntuarastal míosúil: EUR 6 961.29 ag céim 1 le fachtóir ualúcháin 13.6 % mar aon le liúntais shonracha nuair is infheidhme</td></tr>
<tr><td>Ní mór iarratais a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist a leanas: jobs@era.europa.eu go dtí an 22/10/2026 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes) ar a dhéanaí</td><td>Liosta ionadaithe: Cuirfear na chéad 30 iarrthóir (líon táscach) ar an liosta ionadaithe, agus beidh sé sin bailí go dtí an: 22/10/2028 agus d'fhéadfaí síneadh ama a chur leis.<br>Féadfar an liosta ionadaithe sin a roinnt le Gníomhaireachtaí/Comhghnóthais eile de chuid an Aontais a shínigh an Meabhrán Tuisceana[10] (MoU) agus ar thoiliú na n-iarrthóirí amháin.</td></tr>
<tr><td>An nós imeachta iarratais: cliceáil anseo</td><td>An nós imeachta roghnúcháin: cliceáil anseo</td></tr>
<tr><td>Nósanna imeachta achomhairc agus gearáin: cliceáil anseo</td><td>Cosaint sonraí: cliceáil ar Chosaint Sonraí | Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (europa.eu)<br><br>agus scrolláil síos chuig an gcuid "Foireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus oiliúnaithe) a roghnú agus a fhostú"</td></tr>
</table>

*[10] Tagraíonn sé seo do Liosta Ghníomhaireachtaí agus Chomhghnóthais an Aontais a shínigh Meabhrán Tuisceana maidir le húsáid a bhaint as liostaí ionadaithe d'iarrthóirí oiriúnacha a eascraíonn as fógraí folúntais le haghaidh baill foirne shealadacha a fhostaítear faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus le haghaidh baill foirne ar conradh a fhostaítear faoi théarmaí Airteagal 3a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.*